

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá sainordú uile-oileán ag **safefood**, agus de bhrí gur obair idir ghníomhaireachtaí a bhíonn ar bun againn, gné lárnach dár gcuid oibre is ea an chomhpháirtíocht. Is é an cur chuige atá againn a chur ina luí ar an bpobal gur freagracht i bpáirt é an tsábháilteacht bia agus an t-itheachán folláin a chur chun cinn agus gur fearr na torthaí a bhaintear amach trí chomhpháirtíochtaí gairmiúla agus cuiditheacha.

Is é croífheidhm na heagraíochta sábháilteacht bia agus dea-chothú a chur chun cinn ar oileán na hÉireann, agus bunaítear gach ceann dár ngníomhaíochtaí ar chomhairle eolaíoch stuama. Le cois an raon leathan fianaise eolaíche atá ar fáil, déanann **safefood** taighde a choimisiúnú mar chomhlánú ar an bhfianaise atá ar fáil agus chun bearnaí eolais ar leith a líonadh. Cuireann an clár taighde fianaise riachtanach ar fáil chun tacú lenár ngníomhaíochtaí. I gcaitheamh 2013, foilsíodh roinnt torthaí tábhachtacha taighde, lena n-áirítear staidéar ar mhicribhitheolaíocht dromchlaí a ndéanann an lámh teagmháil leo, taighde ar bhainistiú meáchain san earnáil phríomhchúraim agus staidéar ar chothú i measc lucht luathfhágála na scoile.

I mbliana seoladh feachtas nua trí bliana chun cabhrú le tuismitheoirí díriú ar fhadhb an ró-mhéachain agus an mhurtaill óige. Tosaíocht sláinte poiblí is ea é dul i ngleic le murtall óige, de bhrí go bhfuil duine as gach ceathrar páistí róthrom nó murtallach. Tríd an bhfeachtas seo cuirfear réitigh phraiticiúla éagsúla ar fáil do thuismitheoirí chun gur féidir leo dul i ngleic leis an nósanna laethúla as a leanann ró-mhéachan óige. Coimeádfaidh an feachtas tuismitheoirí ar an eolas faoi na dúshláin a ghabhann le ró-mhéachan óige, agus an tionchar diúltach a bhíonn aige ar chaighdeán saoil an pháiste, agus a thábhachtaí atá sé go rachfaí i ngleic leis anois ar mhaithe le saol an pháiste amach anseo. Gan gníomhaíocht chun na treochtaí atá i réim faoi láthair i meáchain daoine fásta agus leanáí a mhaolú agus a chosc, beidh fadhbanna suntasacha sláinte maidir le ró-mhéachan le réiteach ag na glúine a thiocfaidh inár ndiaidh, fadhbanna a d'fhéadfaí a chosc anois.

I réimse na sábháilteachta bia, cuireadh an dara céim den fheachtas Cur Amú Bia i bhfeidhm i mBealtaine, nuair a díródh ar an dáta 'úsáid roimh' ar bhia, le tomhaltóirí a spreagadh chun bia a ithe nó a reo roimh an dáta sin. D'aibhsigh taighde i measc tomhaltóirí gur deacair ar shlí éigin do dhuine fásta amháin as gach cúigear lipéid bhia a thuiscint, agus measann duine amháin as gach triúr gurb ionann céille do na dátaí 'úsáid roimh' agus 'b'fhearr roimh' ar lipéid bhia. Mar sin féachadh san fheachtas seo le daoine a chur ar an eolas faoin difríocht idir na téarmaí sin, agus faoin tslí le leas a bhaint as an eolas sin chun sábháilteacht bia agus laghdú ar chur amú bia a chur chun cinn ag an mbaile.

Dár réir sin, ba mhaith liom mo bhuíochas, agus buíochas Bhord Comhairleach **safefood** agus mo chomhghleacaithe, a ghabháil leo siúd ar fad a d'oibrigh linn in 2013 chun réiteach a fháil ar na dúshlán éagsúla atá fúinn. Táim ag tnúth le leanúint leis an gcur chuige comhpháirtíochta seo agus sláinte an phobail ar oileán na hÉireann a fheabhsú.

Ray Dolan

Ardoifigeach Feidhmiúcháin

Foramharc

Is comhlacht feidhmiúcháin uile-oileán é **safefood**, a bunaíodh faoi Chomhaontú na Breataine-na hÉireann. Tá sainchúram ginearálta air feasacht agus eolas ar shábháilteacht bia agus ar cheisteanna cothaithe a chur chun cinn ar oileán na hÉireann. Seo cuid de na gníomhaíochtaí a dtugaimid fúthu:

- Sábháilteachta bia a chur chun cinn
- Taighde ar shábháilteacht bia
- Comhairle a thabhairt i dtaobh cothú
- Comhoibriú eolaíochta agus naisc idir saotharlanna a chur chun cinn
- Comhairle eolaíoch neamhspleách a chur ar fáil
- Athbhreithnithe dírithe ar an tomhaltóir a chur ar fáil.

Oibríonn na ceithre stiúrthóireacht – Margaíocht agus Cumarsáid, Oibríochtaí Corparáideacha, Sláinte agus Cothú an Phobail, agus Eolaíocht Bia le chéile chun an sainchúram thuas a chomhlíonadh.

Is é gnó Oibríochtaí Corparáideacha a chinntiú go gcomhlíonann **safefood** gach ceann dá cheanglais agus dá fhreagrachtaí airgeadais, acmhainní daonna agus córas faisnéise agus go cuirtear dea-chleachtas chun cinn i ngach réimse de dhéanamh beartas agus den rialachas corparáideach. Tá freagracht iomlán ar Oibríochtaí Corparáideacha as an bhfeidhm thaighde agus as clár naisc saotharlainne agus comhar eolaíoch a fhorbairt.

Is é sainchúram na stiúrthóireachta Sláinte agus Cothú an Phobail bia a bheith sábháilte ó thaobh cothú agus galair thógálacha bia-iompartha a chosc trí chlár chumarsáide agus taighde **safefood**.

Tá cúram ar an stiúrthóireacht Eolaíocht Bia as gach gné den tsábháilteacht bia, m.sh. micribitheolaíocht, ceimic agus tocsaineolaíocht lena n-áirítear measúnachtaí eolaíoch, ábhair taighde agus ábhair shuirbhé a aithint agus faireachas a dhéanamh ar ghalair bhia-iompartha. Cuirtear sainchomhairle agus tacaíocht eolaíoch ar fáil do gheallsealbhóirí seachtracha, leis.

Is é cúram na stiúrthóireachta Margaíochta agus Cumarsáide teachtaireachtaí corparáideacha na heagraíochta a chur chun cinn i measc pobail meáin áirithe ar na slite is éifeachtaí. Úsáidtear caidreamh meán, fógraíocht, gníomhaíocht tionscnaimh, imeachtaí

margaíochta dírí, foilseacháin agus urraíocht chun na príomhtheachtaireachtaí mar gheall ar shábháilteacht bia, sláinteachas bia agus cothú a chur in iúl don phobal.

Sábháilteacht Bia

I gcláir shábháilteacht bia **safefood** díritear go príomha ar eolas a thabhairt do dhaoine agus iad a chumhachtú chun cinntí dearfacha a dhéanamh mar gheall ar shábháilteacht bia. Is den tábhacht cumarsáid a bhunú ar bhonn leordhóthanach urrúnta fianaise agus baineann **safefood** úsáid as an fhianaise eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil chun comhairle shoiléir, réalaíoch, chuí agus neamhspleách a chur ar thomhaltóirí.

Chuirge sin agus ábhair thaighde á roghnú aige, díríonn **safefood** ar bhearnaí ábhartha san eolas a líonadh trí chlár struchtúrtha ina bhféachtar ar na topaicí atá ag teacht chun cinn i sábháilteacht bia a léirmhíniú agus a shainiú agus ina ndírítear ar údair imní tomhaltóirí i dtaca le heolaíocht bia. Ina cháil mar mar eagraíocht thuaidh/theas déanann **safefood** comhar eolaíoch agus naisc le saotharlanna agus le geallsealbhóirí eile a chur chun cinn chun sláine an tslabhra bhia a neartú trí thionscnaimh ar nós Líonraí Faisnéise **safefood**.

Tá ról ríthábhachtach ag an ngrúpa i dtaca le gairmithe sábháilteacht bia a nascadh le chéile chun gur féidir eolas agus saineolas a chomhroinnt.

Líonraí Eolais

Bunaíodh na hocht Líonra Eolais seo a leanas: *Verocytotoxigenic escherichia coli* (VTEC); *Salmonella*; *Campylobacter*; *Listeria*; *Cryptosporidium*; Iarmhar ceimiceacha; bitocsainí; agus ailléirge agus éadulaingt bia. Saineolaí sa réimse ábhartha a dhéanann gach líonra a éascú.

Chuir **safefood** agus éascaitheoirí na líonraí cairt do chustaiméirí i dtoll a chéile mar ghníomh comhair. Leagtar amach sa chairt an méid is féidir le baill a bheith ag súil leis ó na líonraí agus an méid a mbeifear ag súil leis ó bhaill. Is féidir an chairt a fheiceáil ar leathanach baile na Líonraí.

Cuirtear spéis i gcónaí sa chlár um Oiliúint agus Soghluaisteacht Líonraí Eolais. Tacaíonn an clár sin le baill ar mian leo am a chaitheamh in eagraíocht eile chun cur lena n-eolas agus a gcuid taithí ar réimse a bhaineann le hobair na líonraí agus chun an t-eolas a fhaigheann siad a chomhroinnt le gairmithe eile. Deis den scoth is ea é do bhaill cur lena gcuid scileanna agus taithí níos ginearálta a fháil.

Tháinig méadú eile ar bhallraíocht sna líonraí in 2013. Ba é 1,800 líon na mball sna líonraí ar fad an 31 Nollaig 2013. D'eagraigh gach líonra comhdháil bhliantúil agus d'fhoilsigh nuachtlitir do na baill.

Buaicphointí na Bliana

An Líonra um Ailléirgí Bia agus Éadulaingt ar Bhia

D'eagraigh an Líonra Ailléirge agus Éadulaingt Bia dhá cheann d'imeachtaí nuálacha i Meán Fómhair mar chuid den tSeachtain um Fheasacht ar Ailléirgí.

Cruinniú líonra ar imdhíon-teiripe ó bhéal a bhí sa chéad imeacht, agus mheall sé geallsealbhóirí agus tomhaltóirí tábhachtacha, lena n-áirítear leanaí, atá buailte ag ailléirge. Ba é an Dr Andrew Clark a cheap an chóireáil seo agus rinne sé cur i láthair den scoth ar an obair atá déanta aige ar 'cóireáil agus réiteach ailléirgí bia'.

Ba é an dara imeacht díospóireacht a d'óstáil Grúpa Comhdhála Thuaisceart Éireann ar an Eolaíocht agus an Teicneolaíocht sa Seomra Comhdhála, Stormont. Ba é an téama 'Eipidéim na hAilléirge Bia – an bhfuil leigheas i ndán dúinn?' Eagraíodh é i gcomhar leis an gCumann Ríoga Ceimiceoirí agus tugadh óráidí ar son eagraíochtaí tacaíochta, tomhaltóirí atá buaile ag ailléirgí agus gairmithe gairmiúla.

Líonra na nIarmhar Ceimiceach

Bhí comhdháil bhliantúil ag Líonra na nIarmhar Ceimiceach i Meán Fómhair i gcomhar leis an Tionscadal 'Bianna Sábháilte agus Sláinte' arna chomhordú ag Teagasc. Ba é téama na comhdhála 'Antaibheathaigh Agrabhia: Iarmhar, Rialú agus Friotaíocht'. D'fhreastail os cionn 100 toscaire ar an imeacht agus san áireamh sa chlár bhí óráidí ó shaineolaithe ar oileán na hÉireann agus lastall de, in éineacht le roinn inar tugadh spléachadh grinn ar na topaicí atá

ag teacht chun cinn. Taifeadadh cuid de na cur i láthair agus na hagallaimh agus cuireadh iad ar fáil ar líne.

Líonra *Campylobacter*

Reáchtáladh an chéad chomhdháil de Líonra *Campylobacter* an 17 Bealtaine 2013 ag Ionad Taighde Bia Teagasc, Baile an Ásaigh, Baile Átha Cliath. Clúdaíodh raon leathan topaicí, lena n-áirítear gnéithe dlíthiúla d'éilimh nimhithe bia agus taithí na nOifigeach Sláinte Comhshaoil ar chásanna *Campylobacter* a imscrúdú.

Líonra *Listeria*

Bhí comhdháil bhliantúil ag Líonra *Listeria* i Meán Fómhair i gcomhar leis an tionscadal taighde PROMISE, a mhaoinigh an AE. Ba é téama na comhdhála a mhinice a tharlaíonn ionfhabhtú *Listeria*. I measc na gcainteoirí bhí beirt shaineolaithe aitheanta, an tOllamh Martin Weidman d'Ollscoil Cornell agus an Dr. Dagmar Schroder as Ollscoil na Míochaine Tréidliachta, Vín. D'fhreastail os cionn 140 toscaire ar an imeacht, ó raon earnálacha lena n-áirítear táirgeadh bia, taighde, an t-acadamh agus an earnáil phoiblí. Cuireadh an chomhdháil ar fáil mar shruth beo ionas go bhféadfadh baill, nach bhféadfadh a bheith i láthair, éisteacht leis na cur i láthair agus na himeachtaí.

Líonra *Salmonella*

Eagraíodh cruinniú bliantúil an líonra *Salmonella* i mBaile Átha Cliath an 24 Aibreán 2013, sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Ba é an Dr. Larry Beuchat ón Ionad Sábháilteachta Bia ag Ollscoil Georgia, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an príomhchainteoir, agus d'aibhsigh sé ceisteanna a bhaineann le *salmonella* i mbianna ar bheagán maothais. Rinne cainteoirí cur i láthair ar son UCD, an Abu Dhabi Food Control Authority, Crème Global agus Ollscoil na Banríona Béal Feirste.

Líonra Bitocsainí

Bhí comhdháil bhliantúil ag an Líonra Eolais ar Bitocsainí an 4 Nollaig 2013 i mBéal Feirste. Ba é téama na comhdhála 'Rioscaí atá ag teacht chun cinn sa Slabhra Soláthar Beathaithe' a dhírigh ar bhagairtí atá ar eolas agus ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn do dhaoine agus d'ainmhithe ó bheathú ainmhithe a thrádáiltear go domhanda a bheith ionfhabhtaithe.

Rinne saineolaithe áitiúla agus idirnáisiúnta ón acadamh agus ón tionscal cur i láthair ar thopaicí éagsúla agus cuireadh san áireamh seisiúin póstaer ina ndearnadh cur síos ar an taighde reatha sa réimse seo. Bhí 80 toscaire i láthair, ó chúlraí acadúla, tionsclaíocha agus rialála. Uaslódáladh na cur i láthair ar shuíomh Gréasáin na Líonraí Eolais.

Taighde

Bunaítear na beartais sábháilteacht bia ar theacht cuimsitheach ar fhaisnéis eolaíoch reatha, chruinn, ardchaighdeáin agus ar mhodhanna leordhóthanacha anailíse agus léirmhínte sonraí.

Chun bearnaí in eolas eolaíoch maidir le sábháilteacht bia a líonadh, agus chun gur féidir cinntí a dheanamh in am trátha ar cheisteanna atá ag teacht chun cinn, féachann **safefood** le taighde cuí a dhéanamh agus le heolas ábhartha a bhailiú.

Tá Coiste Comhairle Eolaíoch ag tacú le hoifig taighde **safefood**, trína dtugtar le chéile saineolaithe a bhfuil taithí acu ó ghrúpaí comhghrúpaí sábháilteacht bia ar féidir leo chomhairle a thairiscint maidir leis na príomhúdair inní mar gheall ar shábháilteacht bia.

Is é aidhm na hoifige seo taighde a choimisiúnú chun na ceisteanna sin a fhreagairt. Tá an oifig taighde freagrach as faisnéis taighde a choimisiúnú, monatóireacht a dhéanamh uirthi agus í a scaipeadh.

Foilsítear formhór na dtorthaí taighde ina dhiaidh sin. Seo a leanas na tionscadail taighde a tugadh chun críche sa bhliain 2013:

Suirbhé Theileafóin i dtaca le Galar Tógálach Stéigeach i bPoblacht na hÉireann

Rinne an tuarascáil seo cur síos ar shuirbhé teileafóin a rinne **safefood** chun sonraí a fháil ar a mhínic a thuairiscigh an pobal i bPoblacht na hÉireann galar tógálach stéigeach maidir

leo féin in dhá thréimhse athchuímhne ar leith: seacht lá agus 28 lá. Rinneadh comparáid idir an mhinicíocht sin agus an mhinicíocht i dTuaisceart Éireann, le sonraí ón dara staidéar ar Ghalar Tógálach Stéigeach sa RA, agus measadh minicíocht an ghalair i bPoblacht na hÉireann. Thaispeáin na torthaí go raibh na rátaí sa Phoblacht mar an gcéanna, a bheag nó a mhór, leis na rátaí sa RA ina iomláine.

Bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé, tá trí mholadh á ndéanamh:

- Tá iarrachtaí leanúnacha ag teastáil chun an ráta den ghalar seo sa phobal a laghdú, go háirithe i measc daoine faoi bhun cúig bliana d'aois
- Ba cheart dúthracht leanúnach a chaitheamh le treoir a chur ar fáil do thomhaltóirí faoin rud a ba chóir dóibh a dhéanamh má mheasann siad go bhfuil nimhiú bia acu agus cathain ar chóir dul i muinín gairmí sláinte
- Ba chóir leanúint d'iarrachtaí chun sainmhínte cáis a bhfuil glacadh leo ar fud an domhain i dtaca le galar tógálach stéigeach a chur ar fáil.

Bainistíocht Meáchain i gCúram Príomhúil

Ba é aidhm an taighde féachaint cé na dearchtaí agus na scileanna atá ag gairmithe cúram sláinte príomhúil i dtaca le bainistíocht meáchain chun tacú leo agus dúshlán an ró-mhéachain agus an mhurtaill á n-aithint acu, agus iad ag cur cóireáil ar dhaoine in aghaidh an mhurtaill agus á bhainistiú.

Measúnú ar mhicribhitheolaíocht dromchlaí teagmhála láimhe sa timpeallacht mhiondíola

Féachadh sa staidéar seo le teacht a fháil ar dhromchlaí teagmhála bia agus láimhe lena micribhitheolaíocht a mheas ó thaobh an feithiclí iad chun patagainí bia-iompartha a leathadh.

Thug oifigigh sláinte comhshaoil faoi oiliúint cuairt ar dheich gcinn de shiopaí miondíola i bPoblacht na hÉireann mar ar thóg siad samplaí maipíneachta ó cheithre cinn de dhromchlaí: criosanna iompróra, siopaí siopadóireachta fadsaoil, hanlaí tralaithe siopadóireachta agus eochaircheapa ar aonaid íocaíochtaí cárta. Thaispeáin na freagraí ar na ceistneoirí sláinteachais seo dea-chleachtas sláinteachais sna hollmhargaí ar tugadh cuairt orthu, agus tuairiscíodh gur glanadh na criosanna iompróra uile uair sa lá ar a laghad. Níor ardaigh an suirbhé aon údar imní mar gheall ar phataiginí bia-iompartha a bheith á n-iompú

ó na dromchlaí sa sampla go bianna nó go lámha custaiméirí, nó an dóchúlacht go bhféadfadh a leithéid tarlú.

Lucht luathfhágála na scoile agus cothú

Is cosúil ón taighde seo (a rinne Ionad Taighde na bPáistí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Ionad Thuaisceart Éireann le haghaidh Aiste Bia agus Sláinte ag Ollscoil Uladh) gurb ionann an baol i gcás daoine a fhágann an scoil go luath agus grúpaí socheacnamaíocha imeallaithe eile ó thaobh drochthorthaí sláinte: tearcsoláthar bia, drochchothú, ró-mheáchan, murtall agus caitheamh tobac. Ach tá deiseanna ann chun tionchar a imirt ar bheartas i réimsí ar nós maoiniú béilí, trealamh agus áiseanna cistine, agus caighdeán agus sábháilteacht bia. Is cosúil, leis, go bhfuil deiseanna ann chun treoirínte ar dhea-chleachtas in oideachas bia a chur ar fáil.

Meastóireacht ar thionscnaimh bia pobail

Tugann anailís a rinneadh le deireanas le fios go bhféadfadh suas le teaghlach amháin as gach deich dteaghlach ar oileán na hÉireann a bheith buailte le tearcsoláthar bia. Thug an tuarascáil taighde achoimre ar mheastóireacht a rinne Healthy Food for All, le maoiniú ó **safefood**, ar seacht gcinn de Thionscnaimh Bia Pobail, i gceantair den oileán atá buailte le díothacht shocheacnamaíoch. D'aibhsigh an tuarascáil gur mó is fiú an cur chuige praiticiúil pobalbhunaithe.

An bhfuil biachlár do pháistí agat?

Is í aidhm an taighde seo imscrúdú a dhéanamh ar an raon bia a bhíonn ar fáil do pháistí agus iad ag ithe lasmuigh den bhaile, agus chun bacainní ar roghanna bia níos sláintiúla sa timpeallacht seo agus deiseanna chun feabhas a chur orthu, a shainaithe. I measc na bpríomhthorthaí bhí: is beag beartas cothaithe a dhéanann cúram de theaghlaigh nuair a itheann siad béilí i mbialanna agus fiú nuair a dhéantar, bíonn easpa sonraí agus straitéisí meastóireachta iontu chun a éifeachtaí atá siad a mheas. Thuairiscigh dhá dtrian (64 faoin gcéad) díobh siúd a ceistíodh sa suirbhé go gcuireann siad roghanna sláintiúla ar fáil do pháistí, ach ní dúirt ach 27 faoin gcéad go gcuireann siad na roghanna seo chun cinn. Bhí meascán dearthaí ag lónadóirí i dtaobh a mhealltaí a bheadh roghanna sláintiúla, ach bhí a bhformhór ar aon fhocal go gcuirfidís roghanna níos sláintiúla ar fáil ach an t-éileamh orthu a bheith níos mó.

Laethanta maithe agus drochlaethanta – Nósanna siopadóirí nuair a cheannaíonn siad bia sláintiúil agus nuair nach gceannaíonn

D'fhéach an taighde foilsithe seo le tuiscint a fháil ar na cúiseanna le roghanna bia tomhaltóirí agus chun féachaint ar chleachtais/straitéisí siopadóireachta a chuireann iompar sábháilte chun cinn agus ar chinn a chuireann bac leis. Bunaithe ar thorthaí na tuarascála, is iad príomh-mholtaí **safe food** do thomhaltóirí: Déan plean béile sula dtéann tú ag siopadóireacht, bíodh an dearcadh ceart agat, cloígh le do phlean chun bia úr sláintiúil a cheannach, féach ar lipéid agus seachain tionscnaimh le haghaidh bia neamhshláintiúil.

Athbhreithniú dírithe ar an Tomhaltóir – Torthaí agus Glasraí

Tugann an t-athbhreithniú an scéala is déanaí i dtaca leis an athbhreithniú ar thorthaí agus ar ghlásraí a rinneadh in 2006. Déantar comhthiomsú agus breithniú ann ar an fhaisnéis atá ar fáil – faisnéis acadúil, rialála, sláinte poiblí – ar na himpleachtaí don tsláinte agus don tsábháilteacht bia a ghabhann le glásraí. Díríodh ar thorthaí agus ar ghlásraí úra a bhí réidh le hithe agus amh don tomhaltóir, cibé glásraí iomlána nó glásraí ullmhaithe – agus áiríodh orthu táirgí folúsphacáilte nó táirgí a pacáladh i dtimpeallacht mhionathraithe, nach ndearnadh aon chóireáil orthu (ceimiceach, fisiceach nó bitheolaíoch) seachas cuisniú chun caomhnú a chinntiú.

Ba chosúil na bacainní a bhí le sárú ag tomhaltóirí in 2012 agus in 2006, ach ba é an costas an bacainn ba shuntasáí a pléadh in 2012 i gcomparáid le mí-áisiúlacht in 2006. Níor bhain méid an phacáiste agus an cur amú a d'fhéadfadh a bheith i gceist ach le torthaí 2012.

Cothú

Tá ról reachtach ag **safefood** chun 'comhairle agus treoir ar shábháilteacht bia, lena n-áirítear comhairle ar ghnéithe cothaitheacha de bhianna éagsúla', a chur ar fáil. Ceanglaítear ar **safefood** a bheith gníomhach i réimse an chothaithe.

Tá ceisteanna a bhaineann le cothú, murtall go háirithe, i measc na bpríomhbhagairtí sláinte poiblí atá le sárú ag na tíortha forbartha uile. Is dúshlán mór é don tsochaí i ngach cuid d'oileán na hÉireann agus is gá cur chuige idirdhisciplíneach ó na hearnálacha ar fad. I ngeall ar shainchúram uile-oileáin **safefood**, tá cumas uathúil aige rannchuidiú go suntasach ar bhonn uile-oileáin leis an troid in aghaidh an mhurtaill agus le ceisteanna tábhachtacha eile a bhaineann le bia.

Sna trí bliana deireanacha, tá comhpháirtíochtaí tábhachtacha forbartha ag **safefood** trína dtéann sé i gcomhar le geallsealbhóirí cothaithe ar oileán na hÉireann. Leanfaidh **safefood** dá chur chuige comhlántach agus comhoibritheach sa réimse seo.

Meáchan do Linbh – Treoir faoin tslí le murtall óige a chosc

Foilsíodh an leabhrán seo i nDeireadh Fómhair 2013 mar chuid d'fheachtas nua ag díriú ar mhurtall óige (féach feachtais) agus tá comhairle phraiticiúil ann do thuismitheoirí ar an tslí le hathruithe beaga a dhéanamh ar aiste bia a bpáistí agus ar a nósanna maidir le gníomhaíocht fhisiceach ar mhaithe le hiad a bheith níos sláintiúla sa todhchaí. Chomh maith le comhairle, gheofar moltaí faoi bhiachláir, faisnéis ar chomh mór is cóir do sciar bia a bheith agus faisnéis ar lipéadú bia agus ar an bpirimid bhia mar aon le cairteacha úsáideacha luach saothair agus rianadóirí bia agus gníomhaíochta.

Treoir maidir le Méid an Sciar Bhia – do Réamhscoileanna

Is eol go maith gur deacair go minic méid an sciar bhia a shocrú do pháistí óga; ní mór don sciar a bheith leordhóthanach gan a bheith iomarcach. Sa treoir bhia seo gheofar cabhair phraiticiúil dóibh siúd a chuireann bia ar fáil do pháistí faoi aois scoile. Cuirtear an treoir ar fáil i bhfoirm lámhleabhar de phictiúir, agus tugann sé moltaí do chúramóirí, do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí faoi sciaranna bia oiriúnacha. Clúdaítear ann nósanna iteacháin teaghlaigh, an tslí le bianna nua a thabhairt isteach, agus conas timpeallacht a chothú ina sealbhófar dea-nósanna iteacháin a mhairfidh ar feadh an tsaoil.

Ba é an treoir seo an chéad treoir dá sórt a cuireadh ar fáil ar an oileán agus forbraíodh é mar chuid den tionscadal dar teideal The Healthy Incentive for Pre-school, a thug isteach scéim dreasachta le haghaidh réamhscoileanna cúram lánlae chun cur lena gcuid cleachtais chothaithe. Tacaíonn an tionscadal le cur chun feidhme na dTreoirínte um Bia agus Cothú do Sheirbhísí Réamhscoile.

Acmhainní maidir le Murtall Óige - Inrochtaineacht do dhaoine ar lagradharc

Rinneadh leabhrán a ghabhann leis an bhfeachtas reatha ar mhurtall óige a chur ar fáil i bhfoirm chluaise agus i bhfoirm Braille ar son Chomhairle Náisiúnta na Dall. Bainfidh líonra na nOibrithe Acmhainne Pobail úsáid as na cóipeanna sin ag ionad oiliúna na ndall chun an fhaisnéis a chur ar fáil do na baill.

TEARCROCHTAIN BIA AGUS MÍCHOTHÚ

Is é a thuigtear le tearcrochtain bia easpa cumais ag duine cothú leordhóthanach a fháil. Ceist shuntasach í do mhórchuid daoine ar oileán na hÉireann.

Cé go mbraitear gur fadhb mhór é a chostasáí atá bia sláintiúil, ceist chasta is ea easpa aiste bia folláin a bhfuil tionchar aici ar chúrsaí oideachais, iompair, litearthachta, cultúir agus pleanáil comhshaoil. Deitármanant ginearálta eile sláinte, amhail drochthithíocht, eisiámh sóisialta agus ardráta coireachta, is ea tearcrochtain bia.

Tionscnaimh bhia pobail 2013-2015

Cuireadh deireadh i mí na Nollag 2012 leis an gclár tosaigh taispeána uile-oileáin de Thionscnaimh Bhia Pobail. I 2012, cuireadh tús leis an bpróiseas iarratais le haghaidh sraith tionscnamh eile. Roghnaíodh deich gcinn de thionscadail i bpróiseas tairiscintí dhá chéim agus bronnfar maoiniú ar an gclár tionscnaimh bhia pobail ar feadh tréimhse trí bliana 2012 - 2015.

Féachfar i gclár 2013 - 2015 le teacht níos fusa a thabhairt ar bhia sláintiúil i gceantair bhochta agus rogha níos fearr a thabhairt, trí chlár tionscadal áitiúil, ag díriú ar theaghlaigh ina bhfuil páistí.

Comhroinneadh na príomhrudaí a foghlaimíodh ón gclár taispeána sna tionscadail nua. Sheol **safefood** agus Bia Sláintiúil do Chách clár nua na dTionscnamh Bia Pobail in Aibreán. Ag tógáil ar an méid a baineadh amach roimhe seo sa Chlár Taispeána a ghabh leis na Tionscnaimh Bhia Pobail (2010-2012), ina raibh seacht gcinn de thionscadail rathúla, bronnadh maoiniú ar dheich gcinn de thionscadail nua ar fud oileán na hÉireann. Comhroinneadh ag an ócáid seolta torthaí agus rudaí a foghlaimíodh ó chlár roimhe seo agus léiríodh an tslí ina bhféadfaí iad a chur chun feidhme chun na pobail seo a bhuanú san fhadtéarma. Eagraíodh an ócáid i gceanncheathrú Chumann Pobail agus Deonach Thuaisceart Éireann i mBéal Feirste.

Eagraíodh an chéad imeacht líonraithe le haghaidh na gclár nua ag Ionad Pobail & Óige Fettercairn, Tamhlacht, i mí an Mheithimh, rud a chuir síos dúshraith le haghaidh foghlaim chomhoibritheach sna tionscadail uile.

Líonra Tearcrochtain Bia Uile-Oileán

Sa bhliain 2009 thug **safefood** agus Gníomhaireacht na gCaighdeán Bia i dTuaisceart Éireann le chéile roinnt geallsealbhóirí tábhachtacha chun Líonra Tearcrochtain Bia a bhunú i dTuaisceart Éireann. I measc na ngeallsealbhóirí bhí Bia Sláintiúil do Chách, Comhairle TÉ um Dhaoine gan Dídean, an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sláinte Phoiblí, Gníomhaireacht TÉ um Chaighdeán Bhia, Institiúid na Sláinte Poiblí in Éirinn, an Ghníomhaireacht um Shláinte Phoiblí agus Comhaontas Sláinte Poiblí oileán na hÉireann.

Leanadh den obair in 2013 agus bhí trí chruinniú ag an líonra an bhliain sin. Ar na torthaí bhí táscaire tearcrochtain bhia a thuairiscíonn leibhéal na tearcrochtana bia i bPoblacht na hÉireann ar bhonn bliantúil. Ba é seo an chéad uair a cuireadh tomhas den chineál seo i bhfeidhm agus cabhróidh sé chun na grúpaí a bhfuil tearcrochtain acu a shainathint ionas gur féidir straitéisí agus idirghabhálacha a dhíriú orthu chun dul i ngleic le héagothromachtaí sochaíocha ó thaobh aiste bia. Cuireadh plan i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann chun ceistanna inchomparáide a chur san áireamh ina suirbhéanna bliantúla sláinte ó 2013 ar

aghaidh. Aontaíodh go bhféadfaí taighde a dhéanamh ar chostais ciseán bia a dhéanfadh monatóireacht ar threochtaí i siopadóireacht bia i ngrúpaí ísealioncaim sa dá dhlínse faoi choimirce an líonra.

101 Bhéile Cearnógacha

Scaipeadh an acmhainn seo d'oidis shláintiúla ar ionaid acmhainne teaghlaigh, ionaid eolais do shaoránaigh, diatéitigh pobail agus ar an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid.

Feachtais

Murtall Óige

Sheol safefood feachtas ilmheáin feasachta, dírithe ar thuismitheoirí, i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste i nDeireadh Fómhair. Eagraíodh an feachtas trí bliana uile-oileáin i gcomhpháirtíocht le FSS agus creat Éire Shláintiúil i bPoblacht na hÉireann agus an plean feidhmithe 'Todhchaí Níos Folláine do Chách' agus an Ghníomhaireacht um Shláinte Phoiblí i dTuaisceart Éireann. Tosaíocht sláinte poiblí is ea é dul i ngleic le murtall óige, de bhrí go bhfuil duine as gach ceathrar páistí róthrom nó murtallach. Tríd an bhfeachtas seo cuirfear réitigh phraiticiúla éagsúla ar fáil do thuismitheoirí chun gur féidir leo dul i ngleic leis an nósanna laethúla as a leanann ró-mheáchan óige. Coimeádfaidh an feachtas thuismitheoirí ar an eolas faoi na dúshláin a ghabhann le ró-mheáchan óige, agus an tionchar diúltach a bhíonn aige ar chaighdeán saoil an pháiste, agus a thábhachtaí atá sé go rachfaí i ngleic leis anois ar mhaithe le saol an pháiste sa todhchaí. I mbliana díriodh teachtaireacht an fheachtais ar 'sciar bia linbh a thuiscint' agus ar 'rud a chur in áit deochanna milse'. Díreofar teachtaireachtaí eile sa todhchaí ar 'Conas bianna só cosúil le milseáin, criospaí agus seacláid a bhainistiú', 'Bheith níos gníomhaí' 'An méid ama a chaitear os comhair scáileán a laghdú' agus 'Am codlata níos faide a mholadh'. Fuair an feachtas clúdach suntasach sna meáin agus is cosúil ón gcéad taighde a rinneadh ar thomhaltóirí go dtuigeann thuismitheoirí na teachtaireachtaí agus go bhfuil siad meáite ar athruithe dearfacha a dhéanamh.

Operation Transformation

Chonacthas an séú sraith de chlár 'Operation Transformation', arna urrú ag **safefood**, ar RTÉ i mí Eanáir. Ba é seo an tríú bliain inar urraigh **safefood** an seó. Lean an seó aistear

cúigear treoraithe agus iad ag iarraidh meáchan a chailliúint, a bheith níos gníomhaí agus slí mhaireachtála níos sláintiúla a bheith acu. D'fhéach idir 500,000 agus 600,000 duine ar gach clár díobh. Fuair an clár clúdach forleathan sna meáin agus chuir sé ceist an rómheáchain agus an mhurtaill i lár an aonaigh, mar aon leis an ngá atá le haiste bia agus stíl mhaireachtála a rialú.

Chun tógáil ar an rath a bhí ar an tsraith thug **safefood** an seó ar an mbóthar agus óstáladh cúig cinn de sheónna bóthair Operation Transformation **safefood** in ionaid siopadóireachta ar fud na tíre. Ba é aidhm na n-imeachtaí sin cabhrú le daoine nósanna itheacháin sláintiúla a bheith acu agus tabhairt faoi ghníomhaíocht fhisiciúil ar shlí a bheadh spráíúil, idirghníomhach agus taitneamhach. Bhí foireann **safefood** i láthair chun comhairle phraiticiúil a thabhairt ar nósanna itheacháin sláintiúla chun meáchan a chailliúint san fhadtéarma agus thacaigh baill d'Institiúid Cothaithe agus Diatéitice na hÉireann leis na himeachtaí. Bhí cuairteoirí ar na himeachtaí in ann páirt a ghlacadh i seisiún aclaíochta le saineolaí aclaíochta Operation Transformation Karl Henry agus casadh ar dhuine de na cúig cheannaire ar an seó.

Cur amú bia

I réimse na sábháilteachta bia, cuireadh an dara céim den fheachtas Cuir Amú Bia i bhfeidhm i mBealtaine, nuair a díródh ar an dáta 'úsáid roimh' ar bhia, le tomhaltóirí a spreagadh chun bia a ithe nó a reo roimh an dáta sin. Bhí an feachtas le feiceáil beo ar teilifís, ar raidió, lasmuigh agus ar ardáin dhigiteacha. Ceapadh íomhánna feachtais, fógraíocht Facebook agus Twitter, for-rochtain blag agus feidhmchlár cur amú bia le haghaidh gléasanna móibíleacha mar mhír meán sóisialta den fheachtas.

D'aithin **safefood** ó thaighde go mbíonn sé deacair ar dhuine fásta amháin as gach cúigear ciall a bhaint as lipéid bhia, agus go measann 43% gurb ionann céille do na dátaí 'úsáid roimh' agus 'b'fhearr roimh' ar lipéid bhia. Díródh an feachtas ar fheasacht a mhúscailt ar na nithe sin agus ar an tionchar a bhíonn ag eolas ar shábháilteacht bia agus ar laghdú ar chur amú bia ag an mbaile.

Is léir ó thaighde margaíochta ar thomhaltóirí go raibh méadú i measc na ndaoine a ndearnadh suirbhé orthu a thuig gur féidir nimhiú bia a tholg ó bhia a itear tar éis an dáta 'úsáid roimh' agus a d'aithin nach bhfuil sa dáta 'b'fhearr roimh' ach treoirdháta ach gur spriocdháta é an dáta 'úsáid roimh'.

Oideachas

Tá méadú ar ghalair bhia-iompartha agus ar athruithe sa slabhra soláthar bia, mar sin ní mór oideachas a chur ar dhaoine faoina thábhachtaí atá an tsábháilteacht bia agus sláinteachas bia.

Aithníonn **safefood** go mbíonn tionchar mór ag múinteoirí ar nósanna iteacháin daoine óga. Leanfaidh **safefood** d'uirlisí agus acmhainní a fhorbairt d'aoisghrúpaí difriúla agus do ranganna éagsúla ar fud oileán na hÉireann, chomh maith leis na hacmhainní atá ann cheana a thabhairt chun dáta.

Bia Beir Leat ar mo Shlí Féin 2013

Is comórtas é 'Bia Beir Leat ar mo Shlí Féin' do dhaltáí iar-bhunscoile ar fud oileán na hÉireann agus eagraítear é i gcomhar le Coláiste San Aingeal, Sligeach. Is é aidhm an chomórtais daltaí a spreagadh chun leagan níos sláintiúla den bhia beir leat is ansa leo a chur ar fáil. Fuarthas os cionn 1,200 iontráil i mbliana agus tharla an craobhchomórtas an 8 agus an 9 Bealtaine. Bhí Nevin Maguire i measc na moltóirí.

Ith, Blais agus Fás

Acmhainn oideachais saor in aisce é seo a fhéachann le feacht a mhúscailt i measc leanaí scoile ar cá háit as a dtagann an bia a itheann siad agus a thábhachtaí atá an t-eolas sin d'aiste bia folláin. Seoladh comórtas chun an acmhainn a chur chun cinn chuig gach bunscoil i dTuaisceart Éireann, agus tugadh cuireadh do dhaltáí sluán mar gheall ar bhricfeasta sláintiúil (ceann de na topaicí a clúdaíodh san acmhainn Ith, Blais agus Fás). Cuireadh tábhacht an bhricfeasta sláintiúil chun cinn sa chomórtas, leis. Ar na duaiseanna bhí turas scoile agus fuair an scoil a bhuaigh taispeántas cócarála sláintiúla ón chef Paula McIntyre a bhíonn le feiceáil ar BBC TV.

Bileog bosca lóin

Scaipeadh an bhileog seo faoi bhoscaí lóin ar pháistí a bhí ag teacht ar scoil den chéad uair i Meán Fómhair.

safefood ar feadh an tsaoil

Is clár deimhnithe sábháilteacht bia é '**safefood** ar feadh an tsaoil' atá á chur ar fáil i scoileanna iar-bhunoideachais ar fud oileán na hÉireann. Cuireadh fógráin tionscnaimh inar fógraíodh an acmhainn deimhniúcháin seo ar shláinteachas bia do mhúinteoirí agus do dhaltaí amach chuig na hiar-bhunscoileanna uile i Meán Fómhairle

Freastal ar chomhdhálacha

Chuir **safefood** acmhainní oideachais chun cinn ag comhdhálacha éagsúla múinteoireachta, lena n-áirítear ag comhdháil Chumann na Múinteoirí Eacnamaíocht Bhaile, bronnadh an Diplóma sa Chothú i dTuaisceart Éireann agus ag Comhdháil na mBunmhúinteoirí. Díródh thar aon ní eile ar acmhainní oideachais **safefood** a chur chun cinn agus ar aiseolas a fháil.

Imeachtaí agus comhdhálacha

Seó Chumann Talmhaíochta Ríoga Uladh, Balmoral

Reáchtáladh Seó Balmoral na bliana seo ag Páirc Balmoral, saoráid shaincheaptha ar láthair an sean-Maze i Lios na gCearrbhach. Ag seastán **safefood** cuireadh téama Imscrúdú ar Láthair na bhFrídíní i láthair an phobail uair amháin eile. Tugadh cuireadh uair amháin eile chuig an seastán do chuairoteoirí chun an chúis lenár bhfoláireamh maidir le sábháilteacht bia a dhéanamh amach. Bhí ar chuairoteoirí chuig an seastán leas a bhaint as an eolas a bhí acu ar shábháilteacht bia chun anailís a dhéanamh ar na leideanna sa chistin againn chun amhrastaigh a chur as an áireamh agus an ciontach a aimsiú. Fuarthas aiseolas an-dearfach maidir leis an seastán mar aon le clúdach ar teilifís agus ar raidió.

Fóram um Ghníomhaíocht Uile-Oileán ar Mhurtall

Tacaíonn an Fóram um Ghníomhaíocht Uile-Oileán ar Murtall leis na beartais murtaill i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann araon trí gheallsealbhóirí a thabhairt le chéile chun réimsí comhoibre idir an dá dhlínse a aithint agus a chur chun cinn; agus chun malartú dea-chleachtas agus líonrú a éascú ar oileán na hÉireann. Déanann **safefood** an fóram a éascú agus a thacú.

Reáchtáladh an naoú ceardlann an 25 Meitheamh 2013 i mBéal Feirste agus dhírigh sé ar mhurtall óige agus go háirithe ar na príomhrudaí atá foghlamtha againn faoi go dtí seo. I

measc na bpríomhchainteoirí bhí an tOllamh Philip James ar son an Chumainn Idirnáisiúnta um Staidéar ar an Murtall agus an tOllamh Richard Layte ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Cuireadh comhairle phraiticiúil ar fáil ar an tslí is fearr le díriú ar mhurtall óige ar leibhéal pobail.

Eagraíodh ceardlann eile i Samhain i mBaile Átha Cliath faoin teideal 'Roghanna sláintiúla agus tú ag ithe lasmuigh den bhaile'. Díródh an imeacht seo ar an earnáil lónadóireachta agus aibhsíodh go háirithe na roghanna atá ar fáil do dhaoine aonair agus do theaghlaigh nuair a roghnaíonn siad ithe lasmuigh den bhaile. Ag an imeacht seo scrúdaíodh iompar tomhaltóirí agus na tionscnaimh atá ar fáil chun roghanna níos sláintiúla a chur chun cinn. Pléadh ag an gceardlann dhá cheann de thuarascálacha taighde a choimisiúnaigh **safefood**: 'Taithí an teaghlaigh ar dhul ag ithe lasmuigh den bhaile' agus 'Nósanna siopadóireachta tomhaltóirí ar oileán na hÉireann'.

An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Chuir **safefood** an tImscrúdú ar Láthair na bhFrídíní (cuntas air thuas ag Seó Balmoral) i láthair an phobail uair amháin eile ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i Meán Fómhair. D'fhreastail 190,000 cuairteoir ar an gcomórtas ó thús deireadh na dtrí lá.

Seó Bia agus Deoch Thuaisceart Éireann

D'éirigh go maith leis an taithí a bhí ag páistí ar bhia a bhlaiseadh leis an chef clúiteach Catherine Fulvio ag Seó Bia agus Deoch nua Thuaisceart Éireann a d'óstáil **safefood** i Halla an Rí. Cuireadh tús le gach ócáid taispeána le comhrá bríomhar le Catherine mar gheall ar a thábhachtaí atá an bia sa saol. Cuireadh bianna nua i láthair páistí agus d'fhoghlaim siad faoi bhunús agus faoi tháirgeadh a gcuid bia i gcluichí idirghníomhacha inar ghlac an lucht féachana páirt mhór. Ag deireadh gach seisiúin bhí taispeántas cócarála le daoine óga a thairg go fonnmhar lámh chúnta a thabhairt ar stáitse do Catherine. D'fhreastail os cionn 400 páiste agus tuismitheoir ar na seisiúin in imeacht an dá lae.

Seachtain Feasachta ar Ailléirgí

D'eagraigh an Líonra Ailléirge agus Éadulaingt Bia dhá cheann d'imeachtaí nuálacha i Meán Fómhair mar chuid den tSeachtain um Fheasacht ar Ailléirgí.

Cruinniú líonra ar imdhíon-teiripe ó bhéal a bhí sa chéad imeacht, agus mheall sé geallsealbhóirí agus tomhaltóirí tábhachtacha atá buailte ag ailléirge, lena n-áirítear leanaí. Ba é an Dr Andrew Clark a cheap an chóireáil seo agus rinne sé cur i láthair den scoth ar an obair atá déanta aige ar chóireáil agus ar réiteach ailléirgí bia'. D'fhreagair sé ceisteanna ó ghairmithe míochaine agus ó thomhaltóirí sa lucht féachana.

Ba é an dara imeacht díospóireacht a d'óstáil Grúpa Comhdhála Thuaisceart Éireann ar an Eolaíocht agus an Teicneolaíocht sa Seomra Comhdhála, Stormont. Ba é an téama 'Eipidéim na hAilléirge Bia – an bhfuil leigheas i ndán dúinn?', a eagraíodh i gcomhar leis an gCumann Ríoga Ceimice. Eagraíodh é i gcomhar le cainteoirí ón Chumann Ríoga Ceimiceoirí ar son eagraíochtaí tacaíochta, tomhaltóirí atá buailte ag ailléirgí agus gairmithe gairmiúla.

Digiteach

Tugadh 824,000 cuairt, nach mór, ar shuíomhanna Gréasáin **safefood** i gcaitheamh 2013. Ba i míonna Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair a tugadh formhór na gcuairteanna an uair a seoladh an feachtas um murtall óige. Tugadh an suíomh Gréasáin **safefood** chun dáta chun gur féidir teacht a fháil air ó ghléasanna móibíleacha éagsúla, le gné ar a dtugtar 'dearadh freagrúil' ar féidir leis an gléas atá in úsáid a dhéanamh amach agus an fhaisnéis a chur in oiriúint do scáileán an ghléis sin.

Is gné thábhachtach dár bhfeachtais é an úsáid dhigiteach de bhrí go gcuireann sé ar chumas **safefood** teagmháil a dhéanamh le custaiméirí ar shlí atá éifeachtach ó thaobh costais. Mhéadaigh líon na gcuairteanna ar fud na n-ardán Gréasáin agus meán sóisialta in 2013 agus mhéadaigh líon cairde **safefood** ar a leathanach Facebook de 7,000 sa bhliain go hos cionn 22,000 cara ag deireadh mhí na Nollag. Tomhaistear líon na bpostálacha Facebook agus líon na tvuíteanna agus bíonn sé níos airde le linn teachtaireachtaí feachtais.

Tacaíodh leis an seó teilifíse 'Operation Transformation' a urraíonn **safefood**, le micreashuíomh seachtrach a ghin 200,000 cuairt aonair. Lena chois sin, d'óstáil foireann

safefood leathanach Facebook Operation Transformation tar éis an seó agus lean an teagmháil ar aghaidh i gcaitheamh na bliana.

Corparáideach

Tá ról tábhachtach tacaíochta ag an Stiúrthóireacht Oibríochtaí Corparáideacha i dtaca le cláir agus gníomhaíochtaí a chur ar fáil ar fud na heagraíochta. Ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil tá seirbhísí airgeadais, soláthair, acmhainní daonna, TF, seirbhísí dlí, rialachais agus iniúchóireachta. Rannchuidíonn na seirbhísí sin ar fad chun spriocanna na heagraíochta a bhaint amach go héifeachtach.

Rialachas

Féachann **safefood** leis na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a shroicheadh. Géilleann sé don Chód Cleachtais Rialachais a d'eisigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus mar dhea-chleachtas géilleann sé don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais i bPoblacht na hÉireann.

Rinne na hArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann na Ráitis Airgeadais don bhliain 2012 a chomhdheimhniú.

An Coiste Iniúchóireachta

Beirt bhall den Bhord Comhairleach mar aon le beirt bhall seachtrach atá ar an gCoiste Iniúchóireachta. Tá taithí leathan ábhartha gairmiúil ag baill seachtracha an choiste. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta in 2013.

An Coiste Comhairleach Eolaíochta

Shroich an Coiste Comhairleach Eolaíochta deireadh a thréimhse agus athcheapadh é i Samhain, le cúigear ball nua. Ceapadh ball den Bhord Comhairleach, an Dr. Mary Upton, ina Cathaoirleach, agus an tUasal Robert Huey ina Leas-Chathaoirleach.

Cuntasacht

Chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus a chinntiú gur baineadh amach spriocanna oibríocháin agus airgeadais a bhí leagtha síos sa Phlean Gnó, bhí cruinnithe rialta

ag foireann bhainistíochta shinsearach **safefood** chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar eolas buiséadach agus airgeadais.

Coimeádadh Ranna Urraíochta **safefood** (an Roinn Sláinte, agus an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí) ar an eolas i dtaobh dul chun cinn airgeadais agus oibriúcháin, ag cruinnithe rialta agus i dtuairisciú tráthúil.

Thuairiscigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar dhul chun cinn agus ar cheisteanna tábhachtacha ag cruinnithe den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (NSMC) san earnáil sláinte i gcaitheamh na bliana.

**AN BORD UM CHUR CHUN CINN NA
SÁBHÁILTEACHTA BIA**

CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH

31 NOLLAIG 2013

CLÁR

Réamhrá leis na Cuntais	3
Ráiteas ar Fhreagrachtaí	7
Ráiteas ar an Rialú Inmheánach	8
Deimhniú agus Tuarascáil na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste	10
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	12
Ráiteas ar na Gnóthachain agus na gCailteanais Aitheanta Iomlána	13
Clár Comhardaithe	14
Ráiteas ar an Sreabhadh Airgid	15

Nótaí ag gabháil leis na Cuntais 16

Aguisín 1 - Ordú na gCuntas 28

Réamhrá leis na Cuntais

1. Leagan amach

Ullmhaíodh na cuntais seo i bhfoirm a d'ordaigh an Roinn Sláinte agus an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí, le ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus de réir na socruithe airgeadais i gCuid 7 d'Innéacs 2 le Comhaontú na Breataine-na hÉireann.

2. Eolas Cúlra

Comhlacht Feidhmiúcháin is ea an Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia (an Bord), a bunaíodh faoi Chomhaontú Bhéal Feirste an 2 Nollaig 1999. Is í reachtaíocht rialaithe an Bhoird Comhaontú na Breataine-na hÉireann agus an tOrdú um Chomhar Thuaidh-Theas (Comhlachtaí Feidhmiúcháin) 1999.

Bronnann an reachtaíocht rialaithe na feidhmeanna sainiúla seo a leanas:

- Sábháilteacht bia a chur chun cinn
- Taighde ar shábháilteacht bia
- Rabhadh bia a chur in iúl
- Faireachas ar ghalar bia-iompartha
- Comhoibriú eolaíochta agus nascanna idir saotharlanna a chur chun cinn
- Áiseanna éifeachtachta ó thaobh costais a fhorbairt do thástáil speisialaithe saotharlainne

Le cois an mhéid thuas, tá sainordú ginearálta ag an mBord chun gníomhú mar fhoinse neamhspleách comhairle eolaíche.

3. Rialachas

An Príomhfheidhmeannach a chomhlíonann feidhmeanna an Bhoird agus tuairiscíonn sé/sí don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (NSMC). Chuaigh an Príomhfheidhmeannach, Mr Martin Higgins, ar scor an 30 Beataine 2014 agus ceapadh Mr Ray Dolan go foirmiúil ina Phríomhfheidhmeannach an 1 Deireadh Fómhair 2014. Faigheann an Príomhfheidhmeannach cúnamh ó Bhord Comhairleach agus ó Choiste Comhairleach Eoláíochta. Ba iad baill an Bhoird Chomhairligh sa bhliain 2013:

Bord Comhairleach 2013

Ms. Lynn Ni Bhaoigheallain	(Cathaoirleach)
Ms. Darina Allen	(Leaschathaoirleach)
Ms Julie Andrews	
Mr. Thomas Burns	
Mr. Brendan Kehoe	
Mr. Alan McGrath	
Ms. Helen O Donnell	
Mr. Edward Spelman	
Ms. Hannah Su	
Mr. Campbell Tweedie	
Ms. Mary Upton	
Ms. Jane Wells	

Ní dhearnadh aon athrú ar an mBord Comhairleach le linn 2013.

Tá 13 bhall ar an gCoiste Comhairle Eolaíochta, ó linn de shaineolas eolaíoch agus teicniúil atá ar fáil sa dá dhlínse. Cuireann an Bord comhairle ar fáil ar ghnóthaí eolaíochta agus teicniúla.

4. Torthaí Airgeadais

Gheofar torthaí an Bhoird um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia leagtha amach ar leathanach 12. I gcaitheamh 2013, thabhaigh an Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia €9,616,447 (GBP£8,166,863) de chaiteachas agus fuarthas €9,602,963 (GBP£8,155,412) d'fháltais, a d'fhág 13,484 (GBP£11,451) d'easnamh don bhliain.

5. Imeachtaí Iar-Chlár Comhardaithe

Ní raibh aon imeacht iar-chlár comhardaithe ann.

6. Bronntanais Charthanúla

Ní bhfuarthas ná ní dhearnadh aon bhronntanas carthanúil i rith na bliana.

7. Beartais

Fostaithe Faoi Mhíchumas

Níor fostaíodh duine ar bith faoi mhíchumas i mbliana. Bíodh sin mar atá, tá an Bord tiomanta do bheartas comhionannais agus cuirtear fáilte roimh iarratais ó iarratasóirí cuícháilithe, beag beann ar mhíchumas. Eisíoh plean gníomhaíochta míchumais sa bhliain 2011 chun dearchtaí dearfa a chothú i leith daoine faoi mhíchumas agus a rannpháirtíochta sa saol poiblí a spreagadh.

Comhionannas

Eisíodh Scéim Chomhionannais faofa an Bhoird i Meán Fómhair 2011 agus tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ag **safefood**.

Soláthar Eolais d'Fhostaithe agus Dul i gComhairle Leo

